**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0206/2021**

18.6.2021

# ***II
# MOLADH DON DARA LÉAMH

ar an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh d'fhonn go nglacfaí rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (06674/1/2021 – C9-0193/2021 – 2018/0196(COD))

An Coiste um Fhorbairt Réigiúnach

Rapóirtéir: Andrey Novakov, Constanze Krehl

## *Eochair do na siombailí a úsáidtear*

| | |
|---|---|
| * | An nós imeachta comhairliúcháin |
| *** | Nós imeachta an toilithe |
| ***I | An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh) |
| ***II | An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh) |
| ***III | An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh) |

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

## *Leasuithe ar dhréachtghníomh*

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún**

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad líne agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá ann cheana agus má tá sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite**

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó trí líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

**CLÁR**

**Leathanach**

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ........................................5

RÉASÚNÚ GEARR ........................................................................................................7

AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH ....................................................11

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH........12

# DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh d'fhonn go nglacfaí rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí**
**(06674/1/2021 – C9-0193/2021 – 2018/0196(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an dara léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh (06674/1/2021 – C9-0193/2021),

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 17 Deireadh Fómhair 2018[1] agus an 18 Meán Fómhair 2020[2],

– ag féachaint do thuairim ó Choiste na Réigiún an 5 Nollaig 2018[3],

– ag féachaint do thuairim ón gCúirt Iniúchóirí an 25 Deireadh Fómhair 2018[4],

– ag féachaint dá seasamh ar an gcéad léamh[5] ar an togra ón gCoimisiún chuig an bParlaimint agus chuig an gComhairle (COM(2018)0375),

– ag féachaint do na tograí leasaithe ón gCoimisiúin (COM(2020)0023) agus (COM(2020)0450),

– ag féachaint d'Airteagal 294(7) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don chomhaontú sealadach a d'fhormheas an coiste freagrach faoi Riail 74(4) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do Riail 67 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don mholadh don dara léamh ón gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach (A9-0206/2021),

---

[1] IO C 62, 15.2.2019, lch. 83.
[2] IO C 429, 11.12.2020, lch. 236.
[3] IO C 86, 7.3.2019, lch. 41.
[4] IO C 17, 14.1.2019, lch. 1.
[5] IO C 108, 26.3.2021, lch. 638.

1. ag formheas an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh;

2. á thabhairt dá haire go nglactar an gníomh i gcomhréir le seasamh ón gComhairle;

3. á threorú dá hUachtarán an gníomh a shíniú le hUachtarán na Comhairle, i gcomhréir le hAirteagal 297(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;

4. á threorú dá hArd-Rúnaí an gníomh a shíniú, a luaithe a bheidh sé fíoraithe go bhfuil na nósanna imeachta go léir curtha i gcrích go cuí, agus, i gcomhaontú le hArdrúnaí na Comhairle, socrú a dhéanamh maidir lena fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*;

5. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

## RÉASÚNÚ GEARR

### Cúlra

An 29 Bealtaine 2019, thíolaic an Coimisiún sraith tograí reachtacha do chomhbheartas comhtháthaithe AE tar éis 2020. Áiríodh bratrialachán nua sna tograí sin le forálacha coiteanna chun rialacha maidir le beartais shonracha a chumhdach le haghaidh CFRE, CSE+, an Chiste Comhtháthaithe agus CEMI, agus le rialacha airgeadais le haghaidh seacht gciste bainistíochta comhpháirtí.

Rinne an Coimisiún an togra a leasú dhá uair ina dhiaidh sin: i mí Eanáir 2020 ar dtús, chun an Ciste nua um Aistriú Cóir a áirithiú laistigh de raon feidhme an Rialacháin, agus ansin in mí na Bealtaine 2020, mar chuid de bhearta arb é a bhí mar aidhm leo aghaidh a thabhairt ar thionchar phaindéim COVID agus na ceachtanna a foghlaimíodh uaithi.

### Céim an choiste

Cuireadh an dréacht-tuarascáil a d'ullmhaigh Constanze Krehl agus Andrey Novakov, Comhrapóirtéirí, i láthair sa Choiste i mí Dheireadh Fómhair 2018. Ina dhiaidh sin, cuireadh síos 2 052 leasú ar an togra i gcoiste REGI, agus mhol coistí AGRI, BUDG, CONT, ECON, EMPL, ENVI, FEMM, LIBE agus TRAN leasuithe breise ina dtuairimí chuig REGI.

Tar éis dianchaibidlíochtaí, bhíothas in ann teacht ar chomhaontú fairsing idir grúpaí polaitiúla agus, an 22 Eanáir 2019, ghlac an Coiste a thuarascáil le 25 vóta i bhfabhar, 1 i gcoinne, agus 9 staonadh.  Bhí leasuithe sa tuarascáil a chumhdaigh roinnt pointí ríthábhachtacha i dtaobh an bheartais comhtháthaithe a bheidh ann amach anseo:

- athimeascadh CETFT (bainistíocht chomhroinnte) in CPR;
- méadú ar na hacmhainní foriomlána le haghaidh comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach go dtí méid iomlán EUR 378.1 bhilliún (praghsanna 2018), chun go mbeadh sé ar an leibhéal céanna is a bhí sé le linn na tréimhse 2014-2020;
- méadú ar an imchlúdach do sprioc an Chomhair Chríochaigh Eorpaigh (Interreg) go 3%;
- rátaí cómhaoinithe níos airde do na trí chatagóir réigiún (réigiúin níos forbartha, réigiúin trasdula agus réigiúin lagfhorbartha);
- méadú de réir a chéile ar rátaí réamh-mhaoinithe;
- aistriú níos lú (EUR 4 bhilliún) chuig Saoráid um Chónascadh na hEorpa ná a mhol an Coimisiún (EUR 10 mbilliún), i gcomhréir leis an laghdú ar leithdháileadh an Chiste Comhtháthaithe;
- an fhéidearthacht go ndéanfaí ranníocaíocht le InvestEU de suas go 1% de CSFE, CSE+, an Ciste Comhtháthaithe agus CEMI ag tosú an 1 Eanáir 2023 agus suas go 2.5% tar éis an athbhreithnithe meántéarma (2025);
- bhí cur chun feidhme na mbeart lena nasctar éifeachtacht Cistí le rialachas eacnamaíoch fónta (coinníollacht mhaicreacnamaíoch) teoranta go fionraíocht leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus ní raibh feidhm aige maidir le híocaíochtaí.

**Sainordú ón suí iomlánach**

I mí Feabhra 2019, rinneadh vótáil ag suí iomlánach Pharlaimint na hEorpa ar an tuarascáil. Go ginearálta, leanadh moltaí an Choiste, ach tugadh isteach roinnt leasuithe eile chomh maith:

- scriosadh Airteagal 15 den togra (coinníollacht mhaicreacnamaíoch);
- ardaíodh an uasteorainn do ranníocaíochtaí le Invest-EU go 2% den leithdháileadh faoin gciste lena mbaineann ón 1 Eanáir 2023 agus 3% eile faoin athbhreithniú meántéarma.
- tugadh isteach foirm lag den 'riail óir' in Airteagal 106, lena bhféadfadh Ballstáit solúbthacht a iarraidh ar an gCoimisiún i gcomhthéacs cheanglais an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis, i dtaca le cómhaoiniú náisiúnta infheistíochtaí faoin mBeartas Comhtháthaithe.

Vótáil an suí iomlánach, le 460 vóta i bhfabhar, 170 vóta i gcoinne, agus 47 staonadh, do thuarascáil REGI leis na leasuithe thuasluaite, mar shainordú do na caibidlíochtaí idirinstitiúideacha maidir le CPR. Glacadh an téacs céanna mar an seasamh ar an gcéad léamh ó Pharlaimint na hEorpa i mí an Mhárta 2019.

**Na caibidlíochtaí idirinstitiúideacha agus an comhaontú idirinstitiúideach**

Cuireadh tús le caibidlíochtaí idirinstitiúideacha i mí an Mhárta 2019 agus cuireadh clabhsúr orthu i mí Feabhra 2021. Dheimhnigh COREPER II an comhaontú sealadach an 3 Márta 2021. Tar éis formhuiniú in REGI trí vótáil aonair an 16 Márta 2021, agus tar éis fíorú dlítheangeolaíoch, ghlac an Chomhairle a seasamh ar an gcéad léamh an 27 Bealtaine 2021.

Seo a leanas na príomhghnéithe a chumhdaítear leis an gcomhaontú:

*An creat airgeadais agus buiséadach*

Déanfar EUR 330.2 bhilliún do CFRE, an Ciste Comhtháthaithe agus CSE+, agus EUR 7.5 billiún breise do CUAC (praghsanna 2018), a roinnt idir an sprioc 'Infheistíocht le haghaidh post agus fáis' le EUR 329.7 billiún agus sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh le EUR 8.05 billiún. Táthar ag dréim le hathbhreithniú meántéarma agus méid solúbthachta, lena ndéanfar foráil chun leath na leithdháiltí don dá bhliain dheireanacha den tréimhse chlársceidealaithe a chur ar leataobh le haghaidh leithdháileadh críochnaitheach tar éis an athbhreithnithe meántéarma.

Tá rátaí cómhaoinithe curtha in oiriúint mar fhreagairt ar na dúshláin atá ag na réigiúin faoi láthair, lena n-áirítear rátaí suas go 85% do na réigiúin is lú forbairt, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus suas go 80% le haghaidh Interreg. Leanfaidh riail an tsaortha N+3 d'fheidhm a bheith aici go dtí 2026 agus beidh feidhm ag N+2 le haghaidh 2027.

*Comhaontuithe Comhpháirtíochta*

Déanfar comhaontuithe comhpháirtíochta a chuíchóiriú do gach Ballstát.

*Rialachas il-leibhéil agus prionsabail chothrománacha*

Rinne an Pharlaimint prionsabail comhpháirtíochta neartaithe agus rialachas il-leibhéil a chaibidliú. D'éirigh léi na prionsabail chothrománacha a thabhairt isteach an athuair freisin, lena n-áirítear príomhshruthú inscne agus idirdhealú a chosc.

*Aistrithe chuig InvestEU agus ranníocaíochtaí leis*

Beifear in ann aistrithe suas go 5% den leithdháileadh tosaigh a dhéanamh chuig aon ionstraim eile faoi bhainistíocht dhíreach agus indíreach, chomh maith le ranníocaíocht suas go 2% le InvestEU ag tús na tréimhse clársceidealaithe (leis an gComhaontú Comhpháirtíochta) agus suas go 3% tar éis 2023. Féadfar aistrithe suas go 20% den leithdháileadh tosaigh (suas go 25% i gcásanna an-sonracha ar leith) a dhéanamh idir CFRE, CSE+ agus an Ciste Comhtháthaithe. Déantar foráil bhreise d'imchlúdaigh thíre Ballstát ar leith leis an gcomhaontú maidir le haistrithe ón gCoiste Comhtháthaithe chuig Saoráid um Chónascadh na hEorpa.

*An t-athrú aeráide*

Socraíodh spriocanna aeráide trí airteagal nua. Tá spriocanna beachta aeráide do CFRE agus don Chiste Comhtháthaithe (30% agus 37% faoi seach) ann, agus áirithítear faireachán leis ar an urraim do spriocanna ranníocaíochta um an aeráid agus déantar foráil leis le haghaidh sásra coigeartaithe. Ina theannta sin, d'éirigh leis an bParlaimint ceanglas maidir le díonadh ar an athrú aeráide d'infheistíochtaí sa bhonneagar a chur san áireamh.

*Córais bhainistíochta agus rialúcháin agus cosaint bhuiséad AE*

Cuirfear córas bainistíochta agus rialúcháin níos simplí agus níos láidre ar bun, lena n-áireofar maidir le roghnú na n-oibríochtaí, bainistíocht clár agus iniúchóireacht aonair, agus comhar le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) á chur san áireamh.

Áirítear forálacha in Airteagal 63 lena n-áirithítear dlíthiúlacht agus rialtacht caiteachais; ceanglaítear ar an gCoimisiún córas comhtháite idir-inoibritheach faisnéise agus faireacháin a chur ar fáil, lena n-áirítear uirlis aonair mianadóireachta sonraí agus scórála riosca chun measúnú agus anailís a dhéanamh ar na sonraí ábhartha agus a úsáid a spreagadh, d'fhonn go gcuirfidh na Ballstáit i bhfeidhm ar bhealach ginearálaithe é. In Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán, sonraítear na sonraí atá le taifeadadh agus le stóráil go leictreonach maidir le gach oibríocht.

*Bearta lena ndéantar éifeachtacht na gCistí a nascadh le rialachas eacnamaíoch fónta*

Coimeádadh coinníollacht mhaicreacnamaíoch mar fhoráiltear in Airteagal 15 den togra. Beifear in ann ceangaltais agus íocaíochtaí a chur ar fionraí, ach tugadh isteach roinnt coigeartuithe. Ní bheidh feidhm ag an Airteagal maidir le CSE+ ná maidir le Interreg.

*Faireachán, meastóireacht agus infheictheacht*

Déanfar ceangaltais a bhaineann le faireachán, meastóireacht, cumarsáid agus infheictheacht a

threisiú. Rinne na comhreachtóirí forálacha feabhsaithe a chomhaontú maidir le poiblíocht infheistíochtaí AE, lena n-áirítear trí chúnamh teicniúil ar thionscnamh an Choimisiúin.

*Bearta mar fhreagairt ar imthosca eisceachtúla agus neamhghnácha*

Le hairteagal nua ar bhearta sealadacha maidir le húsáid na gCistí mar fhreagairt ar imthosca eisceachtúla agus neamhghnácha, tugtar de chumhacht don Choimisiún bearta sonracha a ghlacadh i gcás ina dtarlaíonn teagmhais neamhghnácha, lasmuigh de rialú Ballstáit amháin nó níos mó.

**Moladh**

Measann na Comhrapóirtéirí go léiríonn an comhaontú ar tháinig na comhreachtóirí air toradh cothrom. Tugann siad dá n-aire go bhfuil seasamh na Comhairle ar an gcéad léamh i gcomhréir leis an gcomhaontú: dá réir sin, molann siad go nglacfaí é gan leasú.

# AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe agus an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste Tearmainn agus Imirce, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim um Bainistiú Teorainneacha agus um Viosaí |
| **Tagairtí** | 06674/1/2021 – C9-0193/2021 – 2018/0196(COD) |
| **Dáta don chéad léamh ag an bParlaimint – P uimhir** | 27.3.2019 T8-0310/2019 |
| **Togra ón gCoimisiún** | COM(2018)0375 - C8-0230/2018 |
| **Fógra sa suí iomlánach go bhfuarthas an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh** | 7.6.2021 |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | REGI<br>29.1.2020 |
| **Rapóirtéirí**<br>Dáta an cheapacháin | Andrey Novakov 3.9.2019<br>Constanze Krehl 3.9.2019 |
| **Pléite sa choiste** | 7.9.2020 15.10.2020 3.12.2020 |
| **Dáta an ghlactha** | 15.6.2021 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 41<br>–: 0<br>0: 1 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Mathilde Androuët, Pascal Arimont, Adrian-Dragoş Benea, Isabel Benjumea Benjumea, Tom Berendsen, Erik Bergkvist, Stéphane Bijoux, Franc Bogovič, Vlad-Marius Botoş, Rosanna Conte, Andrea Cozzolino, Corina Crețu, Rosa D’Amato, Christian Doleschal, Francesca Donato, Raffaele Fitto, Chiara Gemma, Mircea-Gheorghe Hava, Krzysztof Hetman, Peter Jahr, Manolis Kefalogiannis, Ondřej Knotek, Elżbieta Kruk, Cristina Maestre Martín De Almagro, Pedro Marques, Martina Michels, Dan-Ştefan Motreanu, Andżelika Anna Możdżanowska, Niklas Nienaß, Andrey Novakov, Younous Omarjee, Alessandro Panza, Tsvetelina Penkova, Caroline Roose, André Rougé, Susana Solís Pérez, Valdemar Tomaševski, Yana Toom, Monika Vana |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Ciarán Cuffe, Isabel García Muñoz, Alin Mituța |
| **Dáta don chur síos** | 18.6.2021 |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 41 | + |
|---|---|
| An Grúpa ECR | Raffaele Fitto, Elżbieta Kruk, Andżelika Anna Możdżanowska, Valdemar Tomaševski |
| An Grúpa ID | Mathilde Androuët, Rosanna Conte, Francesca Donato, Alessandro Panza |
| NI | Chiara Gemma |
| An Grúpa PPE | Pascal Arimont, Isabel Benjumea Benjumea, Tom Berendsen, Franc Bogovič, Christian Doleschal, Mircea-Gheorghe Hava, Krzysztof Hetman, Peter Jahr, Manolis Kefalogiannis, Dan-Ştefan Motreanu, Andrey Novakov |
| An Grúpa Renew | Stéphane Bijoux, Vlad-Marius Botoş, Ondřej Knotek, Alin Mituța, Susana Solís Pérez, Yana Toom |
| An Grúpa S&D | Adrian-Dragoş Benea, Erik Bergkvist, Andrea Cozzolino, Corina Crețu, Isabel García Muñoz, Cristina Maestre Martín De Almagro, Pedro Marques, Tsvetelina Penkova |
| An Grúpa 'The Left' | Martina Michels, Younous Omarjee |
| An Grúpa Verts/ALE | Ciarán Cuffe, Rosa D'Amato, Niklas Nienaß, Caroline Roose, Monika Vana |

| | - |
|---|---|
| | |

| 1 | 0 |
|---|---|
| An Grúpa ID | André Rougé |

Eochair do na siombailí:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh